**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**Department of Education and Skills**

# Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
# TUAIRISC

## An Mhainistir Thuaidh
## Bóthar na Mainistreach Thuaidh, Cathair Chorcaí
## Uimhir Rolla: 62530F

**Dáta na cigireachta: 10 Bealtaine 2012**

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

## TUAIRISC
## AR
## CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

---

### EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

| **Dáta na cigireachta: 10 Bealtaine 2012** | |
|---|---|
| **Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu**<br>• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha<br>• Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí<br>• Caidreamh le scoláirí | • Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith 4 thréimhse ranga<br>• Athbhreithniú ar obair na scoláirí<br>• Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí |

### PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go maith ar an iomlán.
- Bhí an Ghaeilge i dtreis sna ranganna a breathnaíodh.
- Is iomaí scoláire a thugann faoi staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge fiú agus iad i dteideal díolúine.
- Tá tuiscint mhaith ag múinteoirí ar riachtanais na scoláirí agus léiríonn siad, i gcoitinne, dearcadh oscailte roimh fhorbairtí i réimsí an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe.

### PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Moltar go mbainfí úsáid níos leithne as tascanna comhfhoghlama.
- Moltar go ndéanfaí cumas labhartha na scoláirí a mheas ar bhonn rialta.
- Moltar go bhféachfaí in athuair ar a gcaoi a scagtar scoláirí i rang-ghrúpaí.

---

## RÉAMHRÁ

Is meánscoil í an Mhainistir Thuaidh atá faoi choimirce ERST. 332 buachaill atá cláraithe ar rolla na scoile agus dealraíonn sé go bhfuil líon na scoláirí ag dul i méid. Solathraítear clár an Teastais Shóisearaigh agus clár na hArdteistiméireachta chomh maith le clár na hArdteistiméireachta Feidhmí do dhornán scoláirí. Cuirtear clár na hidirbhliana ar fáil ar bhonn roghnach. Tá stádas DEIS ag an scoil.

## TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Breathnaíodh dea-chleachtas in a lán ranganna chomh maith le samplaí den sár-chleachtas i roinnt cásanna.
- Bhí an Ghaeilge i dtreis sna ranganna ar fad sa mhéid gur i nGaeilge, den chuid is mó, a labhair múinteoirí leis na scoláirí. Ba léir gur gnáthchleachtas é seo i roinnt ranganna agus sna cásanna seo léirigh scoláirí tuiscint mhaith ar chaint an mhúinteora.
- Rinne cuid mhaith scoláirí iarracht inmholta ar cibé Gaeilge atá acu a labhairt. Chabhródh sé le scoláirí dá mbeadh samplaí den mheitetheanga le feiceáil mórthimpeall an tseomra.
- I gcás amháin leagadh an-bhéim ar an gcumarsáid idir na scoláirí féin. Chomh maith le scoláirí a spreagadh chun labhairt agus éisteacht lena chéile, cuireadh orthu a gcomhscoláirí a cheistiú agus a cheartú. Is sár-chleachtas é seo.
- Is iomaí uair a rinneadh iarracht inmholta ar fhrásaí a thabhairt do scoláirí le cleachtadh agus le sealbhú. B’fhiú na heochairstruchtúir is coitianta a aimsiú agus ceann nó dhó a chleachtadh gach lá i dtreo is go mbeadh ar chumas scoláirí foclóir nua a úsáid.
- Cuireadh scoláirí ag obair i ngrúpaí le linn ceachta amháin; gníomhaíocht a thaitin go mór leo. D’oibrigh siad as lámha a chéile agus bhí toradh fónta foghlama le haithint ag an deireadh. Déantar moladh láidir go dtapófaí oiread deiseanna agus is féidir chun scoláirí a chur i mbun tascanna comhfhoghlama. Iarrtar ar mhúinteoirí na tascanna seo a stiúradh ar chaoi a gcinntíonn go mbíonn na scoláirí uile rannpháirteach.
- Bhí atmaisféar na comhoibre ag baint le cuid mhaith ranganna. Sna cásanna seo ba léir dea-chaidreamh a bheith cothaithe idir na múinteoirí agus formhór a gcuid scoláirí. Bhí fiúntas ag baint leis na tagairtí a rinneadh do shaol na scoláirí féin, go mór mór nuair a tharla a leithéid i bhfoirm chomhrá oscailte.
- Is nuair a cuireadh scoláirí i mbun raon gníomhaíochtaí i rith an cheachta is mó a spreagadh rannpháirtíocht leanúnach na scoláirí. B’fhearr fós an cleachtas nuair cinntíodh cothromaíocht sa chleachtadh a rinne scoláirí ar na ceithre scil teanga agus na gníomhaíochtaí seo á gcomhlíonadh acu.
- B’fhiú do na múinteoirí uile leas a bhaint as straitéisí cosúil le rólghlacadh chun atmaisféar níos beoige a chruthú agus chun breis cumarsáide agus comhfhoghlama idir scoláirí a spreagadh.
- Baineadh leas as réimse acmhainní i roinnt ranganna. I gcás amháin, léaráidí ar shleamhnáin a bhí i gceist agus mhúscail úsáid ábhar beo dá leithéid suim na scoláirí. I gcás eile, baineadh leas éifeachtach as cairteanna agus luaschártaí chun cumarsáid labhartha agus scríofa a éascú agus chun treisiú a dhéanamh ar na gnéithe nua-mhúinte den teanga.

- Baineadh úsáid as an gceistiú chun éifeacht na foghlama a mheas. Tá moladh ag dul do na scoláirí úd a rinne tréan-iarracht ar fhreagraí a sholáthar. Meabhraítear do mhúinteoirí an tairbhe a bhaineann le ham feithimh a thabhairt do scoláirí agus freagra á chumadh acu chomh maith le deiseanna a thabhairt dóibh ar dhul i gcomhairle lena chéile.

### SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá an tráthchlár tacúil sa mhéid go mbíonn teagmháil rialta ag scoláirí leis an sprioctheanga. Meastar áfach go bhfuil na tréimhsí ranga ró-fhada agus gurbh fhiú machnamh a dhéanamh ar naoi dtréimhse ranga a bheith ann ar ghnáthlá scoile.
- Córas righinsruthaithe atá i bhfeidhm i ngach bliainghrúpa. Leasaíodh an tráthchlár i mbliana sa chaoi go dtionóltar na ranganna Gaeilge – i measc ábhar eile – ag an am céanna i bhformhór na mbliainghrúpaí. Moltar go dtapófaí an deis seo chun córas bandála a chur i bhfeidhm. Thabharfadh sé le fios do na scoláirí go bhfuil ionchas ard ag múinteoirí dá gcuid scoláirí.
- Tá díolúine ón nGaeilge ag 10% den díorma iomlán scoláirí de réir na gcritéar a shainítear in imlitir M10/94. Scoláirí a fuair an chuid luath dá n-oideachas thar lear is mó atá i gceist. Tá moladh tuillte ag na scoláirí úd le riachtanais oideachais speisialta agus atá i dteideal díolúine as an iarracht bhreise a dhéanann siad chun tabhairt faoin nGaeilge.
- Tá a seomraí féin ag múinteoirí agus teacht acu ar áiseanna TFC chomh maith le spás stórála. Ba dheas an rud é dá gcuirfí samplaí d'obair na scoláirí ar crochadh sna seomraí chomh maith le samplaí den mheitetheanga agus foinsí tagartha eile.
- Bhí éagsúlacht i gcumas na múinteoirí sa Ghaeilge sa mhéid go raibh ardchumas ag múinteoirí áirithe agus scóip chun breis feabhais i gceist i gcásanna eile.
- Lasmuigh de na scrúduithe tí, is faoi mhúinteoirí aonair a fhágtar é dul chun cinn a gcuid scoláirí a mheas. Bhí éagsúlacht ag baint leis na cleachtais aonair ach ina measc áirítear seiceáil obair bhaile go laethúil, trialacha ranga, agus monatóireacht ar obair ranga. Measúnú ar chumas scríofa is mó a bhíonn i gceist agus déantar moladh láidir go bhfiosfrófaí slite ar a bhféadfaí cumas labhartha na scoláirí a mheas.
- Is iomaí múinteoir a fháiltíonn roimh dheiseanna chun páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil. Measann siad go bhfuil ábhar na gcúrsaí inseirbhíse do mhúinteoirí Gaeilge an-chabhraitheach. Ba mhaith an rud é dá gcuirfí deiseanna ar fáil doibh ar léargas a fháil ar straitéisí ar nós Measúnú chun Foghlama nó An Chomhfhoghlaim.

### PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Tá tús curtha leis an gcomhphleanáil sa mhéid go bhfuil scéimeanna oibre comónta leagtha amach do bhliainghrúpaí áirithe. Agus an plean á fhorbairt amach anseo, moltar go ndéanfaí iarracht ar léargas achomair a thabhairt ar an gcaoi a gcuirtear an Ghaeilge chun cinn sa seomra ranga agus lasmuigh de.
- Is deis comhfhoghlama do mhúinteoirí é, dar ndóigh, nuair a thagann siad le chéile ag cruinnithe um phleanáil ábhair. Dá bhrí seo, ba cheart comhphlé a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann go sainiúil leis an gcleachtas ranga; ar na nithe a bhfuil ag éirí leo agus ar na dúshláin a bhíonn le sárú.

- Bhí pleanáil mhaith déanta do na ranganna a breathnaíodh. Bhí céimeanna an cheachta leagtha amach go soiléir ag formhór na múinteoirí. Ba mhaith an smaoineamh é dá roinnfí torthaí foghlama inmhianaithe an cheachta leis na scoláirí féin ag tús gach ceachta. D'fhéadfaí an obair bhaile a thabhairt dóibh ag an bpointe seo chomh maith.

---

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí Gaeilge.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

*Foilsithe Samhain 2012*

# Aguisín

**FREAGRA NA SCOILE AR AN TUAIRISC**

# Arna chur isteach ag an mBord Bainistíochta

**Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile**

The board acknowledges the very positive nature of the report.

**Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh, ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta, chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm**

The recommendations will be addressed at planning meetings.